Roinnfead m’éigse re hArt Óg

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 34]

1 Roinnfiod m’éigsi re hArt Óg,
ní nach fholáir don fhioród,
toradh slatchoille ó Néill náir,
réir ar n-acfuinne d’fhaghail.

2 Spás aimsire iarruim air
go tilleadh dhamh óm dhúthaigh,
’s go dtí dhínn déinimh duaine
do ghríbh chéimmir Chraobhruaidhe.

3 Leithsgél agum re a aghaidh
aithne Airt ar ealadhain,
an saoirfher go bhfeidhm bhfromhtha,
’s ar dheilbh laoidheadh locartha.

4 Madh im beo ’s mo bheith re dán
díolfad re hArt a fhuarán
do laoidh fhúair re gaibhnecht ghloin
’s a huaim re haidhmbert n-ughdoir.

5 Gealluim fós da ghruaidh ghairthe,
dá n-aghum uain saothraighthe
go bhfuighe ar nAirtne duain di
an uair as aibche m’éigsi.

6 Buain do chroinic Chloinne Néill
as ualach d’ollamh eiséin;
breith einge a ríogh go roile
gníomh dar leinne as líonmhuire.

7 Féile egna uaisle Airt,
saoilim, gidh líomhtha ar labhairt,
nach bia im nert uile a n-áireamh,
tearc go bhfuighe a bhfriotháileamh.

8 Cruithneacht fhíorghlan fhola Néill,
ua na mBrían nar thuill toibhéim,
eo Line, maighre Mena,
cridhe as aidhbhle aisgeadha.

9 Do fhás Art Óg mur a fhuil,
glan pór ón ithir uasuil,
mac Áine agus a athar,
slat as áilne aipcheachadh.

10 Tar chrois éiges gcríche Cuinn
mac Seaáin isé thoghuim;
ní ghébh do chrú Chréidhe cead,
mo chéile ní rú roinnfead.